Amhrán na bhFiann

Seo dhaoibh, a chairde, duan Óglaigh,
Caithréimeach, bríomhar, ceolmhar.
Ár dtinte cnámh go buacach táid,'S an spéir go mín réaltógach.
Is fonnmhar faobhrach sinn chun gleo,
'S go tiúnmhar glé roimh thíocht don ló
Faoi chiúnas chaomh na hoíche ar seol,
Seo libh, canaig' Amhrán na bhFiann

Sinne Fianna Fáil
Atá faoin gheall ag Éirinn,
Buíon dár slua
Thar toinn do ráinig chugainn.
Faoi mhóid bheith soar
Seantír ár sinsear feasta,
Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill;
Anocht a théam sa bhearna bhaoil,
Le gean ar Ghaeil, chun báis nó saoil,
Le gunna scréach faoi lámhach na bpiléar,
Seo libh canaig' amhrán na bhFiann.